Postchóid Nua don Tír

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phleananna postchóid a thabhairt isteach ar fud na tíre. Déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge a fháil do na focail/na téarmaí seo thíos.

internal	_____
increase	_____
population	_____
Dept. of Communication	_____
on a par with	_____
bundle	_____
effective	_____
searching for	_____
Health Service Executive	_____
soon	_____
to implement a system	_____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú leat.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad é atá i gceist leis an gcóras nua postchód seo?
2. Cén bhliain ar tháinig postchóid i mBaile Átha Cliath isteach agus cén fáth?
3. Cad a deirtear sa tuairisc faoin tír seo agus tíortha eile san Eoraip?
4. Cad atá le rá ag Josie Ó Fátharta?

5. Sa phíosa deireanach den tuairisc cad a bhí le rá ag na dreamanna éagsúla seo:

   Na Gardaí
   Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
   An Roinn Cumarsáide

Ceist 4 '*Tá pleananna á ndéanamh . . '*

Scríobh na habairtí thíos ar bhealach eile. Tá ceann amháin déanta duit:

Tá mé ag déanamh an dinnéir.
Tá an dinnéar á dhéanamh agam!

Tá an tAire ag cur moltaí faoi bhráid an rialtais.
_____

Beidh an rialtas ag tabhairt an chórais seo isteach taobh istigh de bhliain.
_____

Is annamh go mbíonn muintir na tíre ag glanadh a dtithe gach lá.
_____

Tá Seán ag déanamh an scrúdaithe ag deireadh na bliana.
_____

Ceist 5 An féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail ar mhalairt brí de na focail thíos a bhí sa tuairisc a aimsiú?

Seachtrach: _____
Cáinte: _____
Mór: _____
Laghdú: _____
Éifeachtach: _____
Níos deacra: _____
Éiginnte: _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An scríobhann tú féin litreacha nó an scríobhann tú ríomhphoist amháin?
An bhfuil córas na bpostchód ag teastáil sa tír, dar leat?
Ar sheol tú cárta ar bith an Lá le Vailintín seo a chuaigh thart?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

internal	**inmheánach**
increase	**méadú**
population	**daonra**
Dept. of Communication	**An Roinn Cumarsáide**
on a par with	**ar chomhchéim le**
bundle	**beart**
effective	**éifeachtach**
searching for	**ag tóraíocht**
Health Service Executive	**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**
soon	**go gairid**
to implement a system	**córas a chur i bhfeidhm**

Ceist 2
Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí buntuiscint an scéil a fháil.

Ceist 3

1. Is é atá i gceist ná postchóid a thabhairt isteach sa tír ar fad cosúil leis na postchóid atá i mBaile Átha Cliath faoi láthair le cuidiú seoltaí a aimsiú níos éasca ar fud na tíre.
2. Ag deireadh na seascaidí nuair a tháinig méadú ar dhaonra Bhaile Átha Cliath socraíodh an phríomhchathair a roinnt i gceithre cheantar poist is fiche.
3. Is í Éire an t-aon tír san Aontas Eorpach nach bhfuil postchóid inti agus caithfear postchóid a thabhairt isteach chun Éirinn a thabhairt ar chomhchéim le tíortha eile san Aontas.
4. Deir sé go ndéanfaidh na postchóid seo an saol níos éasca do dhaoine a bhíonn ag tiomaint na dtacsaithe, na n-otharcharr agus na dóiteán agus do dhaoine a bhíonn ag déileáil leis an bpobal.
5. *Na Gardaí:* Deir na Gardaí go bhfáiltíonn siad roimh aon chóras a chuideodh leo seoltaí a aimsiú.
   Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: Ní raibh siad ábalta ráiteas a chur chugainn faoi na postchóid nua inniu.
   An Roinn Cumarsáide: Deir an Roinn go bhfuil súil acu go gcuirfear na moltaí faoin gcóras postchóid nua os comhair an rialtais go gairid.

Ceist 4
Tá mé ag déanamh an dinnéir.
Tá an dinnéar á dhéanamh agam!

Tá an tAire ag cur moltaí faoi bhráid an rialtais.
Tá moltaí á gcur faoi bhráid an rialtais ag an Aire.

Beidh an rialtas ag tabhairt an chórais seo isteach taobh istigh de bhliain.
Beidh an córas seo á thabhairt isteach taobh istigh de bhliain ag an rialtas.

Is annamh go mbíonn muintir na tíre ag glanadh a dtithe gach lá.
Is annamh go mbíonn tithe á nglanadh ag muintir na tire gach lá.

Tá Seán ag déanamh an scrúdaithe ag deireadh na bliana.
Tá an scrúdú á dhéanamh ag Seán ag deireadh na bliana.

Ceist 5

Seachtrach:	*inmheánach*
Cáinte:	*molta*
Mór:	*beag*
Laghdú:	*méadú*
Éifeachtach:	*neamhéifeachtach*
Níos deacra:	*níos simplí*
Éiginnte:	*cinnte*

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
Tá pleananna á ndéanamh faoi láthair mar chuid de chlár an rialtais postchóid a thabhairt isteach ar fud na tíre. Ní fios fós cén uair a thiocfaidh sé seo i bhfeidhm. Níl An Post ag brath ar chóras den chineál seo mar a deir siad – mar go bhfuil córas inmheánach dá gcuid féin acu. Ach deir siad, go bhfáilteoidh siad roimh an gcóras nua molta seo. Tá tuilleadh faoin scéal ag Áine Lally.

Áine Lally
Tá radharcanna den chineál seo le feiceáil ar fud na hÉireann le fada an lá. Is tír sách beag í seo agus roimhe seo ní raibh gá le postchóid ó cheann ceann na tíre. Ach ag deireadh na seascaidí nuair a tháinig méadú ar dhaonra Bhaile Átha Cliath socraíodh an phríomhchathair a roinnt i gceithre cheantar poist is fiche. Mar shampla, tá sráid Addison suite i gceantar D3. Ní raibh aon phostchóid ná aon cheantar-chóid luaite le haon áit eile in Éirinn, ach is cosúil go bhfuil athrú le teacht air seo. Faoi láthair tá moltaí agus pleananna á gcur le chéile a bheidh le cur os comhair na Roinne Cumarsáide chun postchóid a thabhairt isteach ar fud na tíre, is í *Éire an t-aon tír san Aontas Eorpach nach bhfuil postchóid inti agus caithfear postchóid a thabhairt isteach chun Éirinn a thabhairt ar chomhchéim le tíortha eile san Aontas.

Láimhseálann An Post suas le seacht gcéad caoga milliún beart litreach sa bhliain. Deir urlabhraí ó An Post go bhfuil córas éifeachtach dá gcuid féin acu, agus nach bhfuil siad ag brath ar phostchóid nua. Ach deir siad go bhfáilteodh siad roimh an gcóras nua.

- Dia duit tráthnóna
- An féidir liom tacsaí *a bhookáil*?

Tá tuairimí áirithe ag eagraíochtaí éagsúla faoi na poistchóid atá molta.

Josie Ó Fátharta, Tiománaí Tacsaí
Bhuel ceapaim go ndéanfaidh sé rudaí níos simplí do chuile dhuine againne atá ag obair mar atá muid anseo, an bhfuil a fhios agat, ag dul timpeall ag tóraíocht áiteanna, mar a déarfá, mar beidh cineál uimhir ar chuile theach anois, agus beidh sé níos éasca iad d'fháil nuair a bheidh a fhios agat an seoladh. Mar faoi láthair tá sé an-éasca iad a d'fháil measctha suas.
Bhuel, ní hamháin go gcuideoidh sé linn féin ar nós tiománaithe tacsaí, mar a deir mé, agus cuideoidh sé leis an dream a bhíonn ag tiomáint na n-otharcharr, agus na dóiteán, bhfuil a fhios agat, agus na Gardaí, agus daoine a bhíonn ag déileáil leis an bpobal ó lá go lá, tabharfaidh sé cuidiú chomh maith dóibh.

Áine Lally
Deir na Gardaí go bhfáiltíonn siad roimh aon chóras a chuideodh leo seoltaí a aimsiú. Ní raibh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ábalta ráiteas a chur chugainn faoi na postchóid nua inniu. Deir an Roinn Cumarsáide go bhfuil súil acu go gcuirfear na moltaí faoin gcóras postchóid nua os comhair an rialtais go gairid. Ní fios go cinnte cén uair a gcuirfear an córas nua seo i bhfeidhm.
Áine Lally, Nuacht TG4 i nGaillimh.

**Éirinn* a deirtear, agus glactar leis sa chaint